Acaill

Is fada ó ḃí stoirm agus droċ aimsir ċom h-olc agus a ḃí le coicís anuas i gceantar Acla. Rinne sé damáiste go leor fríd an oileán. Buaileaḋ bean i gCaol le míosa de iarann roicneaċ a siabaḋ de rúf, agus b'éigin dí an doċtúir a fáil. Píosa den ḃotán a tógaḋ in aice leis an meán-scoil nua, siabaḋ isteaċ san ḟarraige é, agus siabaḋ an díon de stábla le Seán Ó Móráin, Ḃólainn Glána. Ḃí an rópa ancaire gar a ḃeiṫ briste maidin Dé Domnaiġ, ar tráiléar Ṫomáis Ó Cillbán. taoḃ amuiġ de Ċloċ Cór, agus b'éigin an tráiléar a aṫrú go dtí ancaireaċt níos sábáilte. Baineaḋ anuas cuid mór scláṫaí de Áras na nGárdaí i gCaol, agus de ċuid maiṫ tiṫe príomáideaċa. Ḃí aeróga telefíse anuas in gaċ áit.

I dteaċ Ṗobail Gob a' Ċoire, Dé Ceadaoine, pósaḋ Pádraic Ó Gallċoḃair, mac le Bean Uí Gallċoḃair agus Pádraic Ó Gallċoḃair, naċ maireann. Acaill Beag, agus Máirín Ní Ḃaoill, aon iníon Tomás Ó Baoill agus Bean Uí Ḃaoill, Cloċ Mór. P. Ó Gallċoḃair, dearṫár an ḟir, agus Máire Ní Ḃaoill. colceaṫrar na brídeoige, a ḃí ag baiteoireaċt leo. Ḃí os cionn 50 i láṫair ag an fáiltiú in Óstán Ṁic Suiḃne, Gob a' Ċoire.

Comġáirdeaċas le Seán S. Ó Ceallaiġ, an mac is óige don Ceannfort B. B. Ó Ceallaiġ, Cill Caṫlaiġ. atá ar ḟoireann teagaisc meánscoil Gob a' Ċoire agus atá ina ṗeileadóir cliúiteaċ do Acaill agus do Roscomáin a ḃfuil geallúint pósta idir é féin agus Máire Ní Ċumainn, as Dúrlas Éile.

Ḃí ós cionn 300 teaċtaí i láṫair ag Comḋáil Ḃliantúil Ċumann Acla de C.L.C.G., i halla na paráiste Dé Domnaiġ seo caite. Ḃí an caṫaoirleaċ, Donnċa Ó Gallċoḃair, agus an leas-ċaṫaoirleaċ, Miċeál Ó Loinsiġ. síos leis an slagḃán, agus ġlac an tAṫair Ró-Oriṁ. Mac Annraoi, S.C., an ċaṫaoir, agus láiṁseáil sé an mórán gnótaí a tarraingíoḋ aníos fá ċoinne díospóireaċta. Ṁair an cruinniú ó 3.30 go dtí indiaiḋ a 8 a'clog. Togaḋ na h-oifigí go léir d'aon ġuṫ arís don ḃliain seo ċugainn, ar molaḋ Éamon Labelle agus C. Connaċton, ag cabrú leis. Tugaḋ árd molaḋ do na hoifigeoirí ⁊ do ḃaill an ċoiste, as an ċaoi éifeaċtaċ mar láiṁseáil siad gnótaí an Ċumainn ar feaḋ na bliana, agus labraḋ go láidir fán droċ ċaoi ar tugaḋ coṫrom na féinne don Ċumann. Taispeáin cuntas an ċisteora go raiḃ an Cumann síos £32-2-11. Ar na hoifigí don ḃliain seo ċugainn tá: Uaċtarán, An tAṫair Ó Riain, S.P.; caṫaoirleaċ, Donnċa Ó Gallċoḃair, O.S.; leas-ċaṫaoirleaċ, Miċeál Ó Loinsiġ; rúnaí-cisteoir, Pádraic Seoiġe, O.S., caiptín sciseaṙaċ, Pádraic Cillbán; leas-ċaiptín. Séamas Ó Móráin; bainisteoir foirne, S. S. Ó Ceallaiġ agus S. Ó Cillbán. Coiste: An tAṫair Ó h-Óráin, S.C., S. Mac Namara, B.A.; P. Mac Seáin, O.S.; P. Mac Ṗaidín; Séamas Ó Móráin, P. Mac Suiḃne, M. Ó hUigín, S. Ó Ceallaiġ, B.A.; A. Ó Ceallaiġ, M. S. Ó Ruḋaiġ, O.S., P. Labelle agus P. Cillbán, B.A.

uamaċa, táiniġ riṫ-mór farraige agus b'éigin don triúr acu riṫ isteaċ ins na h-uamaċa ar foscaḋ. Riṫ Seosaṁ Ó Cuanaiġ agus Miċeál de Búrca isteaċ i gceann amáin, agus Máirtín Mac an Máistir isteaċ i gceann eile. Nuair a ċuaiġ an tonn mór ar gcúl, fuair Seosaṁ agus Miċeál amaċ gur scuabaḋ Máirtín ar siúl. Tóg siad an gáir, aċ ní raiḃ a ḃaṫ ar biṫ a d'féadfaí a déanaṁ. Dé Luain. nuair a ċiúiniġ an farraige, tosaíoḋ ar cuartú aċ go dtí seo, ní ḃfuarṫas an corp. Ní raiḃ Mac an Ṁáistir leaṫċéad bliain fós, agus ní raiḃ sé pósta. Niṫear comḃrón lena ṁáṫair, Máire Bean Mic an Ṁáistir. lena ḋearṫáir, Seán agus lena ḋeirfiúraċa, Bean Ṡeosaiṁ Ó Cuanaiġ, Eascléim ⁊ Bean D. Mac Manmain, Tónré Gaoṫ.

Díolaḋ teaċ tabairne T. Mac Suiḃne, Maolraiṫne. ar £8,300 le Tomás Ó Coragáin, as Ráṫ Gearr, Baile Áṫa Cliaṫ. As Abainn Luḃ é, an áit a ḃfuil a aṫair agus a ṁáṫair agus a ḋeirfiúr ina gcónaí o fóill.

Noel Ó Tiarnaiġ. imrireoir cliúteaċ na Gaillime a ḃronn na boinn ar ḟoireann óánaí Acla, a ḃuaiġ craoḃ-ċluiċe na condae, 1964, ag céilí bua, Dé hAoine seo caite. Dúirt Noel gur mór an onóir de ċlub mar Cumann Ógánaí Acla tiodal na condae a ṫabairt leo. nuair a smaoiniġ duine ar an méid mór foirne a ḃí insan ċondae. D'iarr sé ar na buaċaillí an cineál céanna peil a imirt nuair a ḃeaḋ siad fásta suas, agus a ḃí siad ag imirt anois. Ṫug Pádraic Seoiġe, O.S., rúnaí C.L.C.G., Acla. buíoċas don Uasal Ó Tiarnaiġ, as teaċt ċuig an ċlub céilí, agus don Aṫair Ó Riain, as a ḃeiṫ i láṫair. cé nár óir sin ró ṁaiṫ dó. Baineaḋ an spóirt agus pléisiúr as an ċéilí.

Ag an Ċúirt Dúiċe i nGob a' Ċoire, cúisíoḋ Éamon Ó Scannláin, Sáile. Gob a' Ċoire, as tiomáint dainséaraċ, ar ġluaisteán, ag Caol, ar an 16ú lá do Ḋeireaḋ Fómair. agus gan stad nuair a tugaḋ comarṫa dó sin a déanaṁ. Dúirt an Sáirsint 'Ac Loċlainn, Caol, go raiḃ sé na ṡeasaṁ ag doras na bearraice ar an dáta sin, agus go ḃfaca sé cárr ag teaċt ó Ċaol. Go raiḃ an cárr ag dul idir 50 agus 60 míle san uair. Ġlac sé uiṁir an ċáirr. Dúirt sé gurb é an ċosantóir a ḃí ag tiomáint an ċáirr. Dúirt an Sáirsint Cill Oḋráin gur stop sé an cáirr ag Gob a' Ċoire agus go dtug an tiománaí a ainm mar Éamonn Ó Scannláin. Nuair a ceistníoḋ é cé'n fáṫ nár stad sé don Ġárda, dúirt sé—Ní faca mé rud ar biṫ aréir. Dúirt sé go raiḃ a uncail insan ċáir leis. Cáineaḋ é £7 as tiomáint dainséaraċ.

Ábar bróin agus buarṫa fríd Acaill ar fad bás Dia Ceadaoine na seaċtaine seo caite Miċeál Mac Caṙarṫaiġ. O.S., Béal Feirsaid. Timpeall leaṫċéad bliain d'aois a ḃí sé agus ní raiḃ an tsláinte go ró ṁaiṫ aige le tamall. Fuair sé oiliúint mar ṁúinteoir i gColáiste Oiliúna Naoṁ Pádraiġ, Drumconndra i 1936. Ins an am a raḃ sé iontaċ deacair ag múinteoirí postanna a ḟáil, ċaiṫ sé tréimsí i scoltaċa

Scoil Ilġnéiṫeaċ do Ġleann na Muaiḋe

"Tá áṫas orm a ṁolaḋ go measfaḋ an Roinn. Gleann na Muaiḋe mar ṡuíoṁ do scoil ilġnéiṫeaċ," adúirt P. S. Ó Díomaiġ, ag cruinniú de Ċoiste Gairm-oideaċais Ṁuiġeo. Nuair a h-innseaḋ don Uasal Ó Díomaiġ naċ ḃfuarṫas tuarascáil ar biṫ go fóill ón Roinn fá tógáil gairmscoil i nGleann na Muaiḋe dúirt sé naċ raiḃ leiṫscéal ar biṫ ċor ar biṫ fá ċoinne an ṁoill a ḃí déanta. Ṁiniġ sé go mbeaḋ gairm-scoil mar sin ag freastal ar ceantar mór fíor-Ġaeltaċta naċ raiḃ caoi ar biṫ acu fá ċoinne oideaċais ceirde leis na blianta. Dúirt sé go raiḃ na daoine ag éileaṁ agus ag iarraiḋ a leiṫéid de scoil fá ċoinne a gcuid páistí.

"Ní h-eol dom aon áit níos feiliúnaí fá ċoinne gairmscoil," arsa an tUasal Ó Díomaiġ, "ós rud é go mbeiḋ sé in aice le feirm trialaċ Gleann na Muaiḋe atá mar ṡagas gairmscoil ann féin."

Dúirt Eoin Mac Aoḋa gur ċeart don Uasal Ó Díomaiġ, a molaḋ go dtabarfaí treoir don príoṁ-oifigeaċ scríoḃaḋ ċuig an Roinn. le Gleann na Muaiḋe a ṁeas mar ṡuíoṁ do scoil ilġnéiṫeaċ. Rinne an tUasal Ó Díomaiġ an molaḋ sin, agus ċabraiġ an tUasal Ó Ciarḋa leis.

---

ain ó ṡoin. Niṫear comḃrón le na ṁáṫair, Bríd Bean Ṁic Caṙarṫaiġ, le na ṫriúr dearḟiúr, Bean B. Ṁic Caṙarṫaiġ, Béal Feirsaid, Áine Bean Uí Ṫuama. O.S., Cnoc an tSófair, Co. Ċill Ċoinniġ agus Bean T. Ṁic Cionnaiṫ, Preston, Sasana. Ċuaiġ soċraid an mór ar fad leis go dtí roiliġ Gob a' Ċoille taréis Aifreán na Marḃ in Séipéal Ḃéal Feirsaid.

Scéal leanṁar eile in Acaill a b'ea an scéala ó Ṁeiricea go ḃfuair Iḃon Ní Cill Bán bás ins na Stáit Aontaiṫe. Cailín seaċt mbliain déag a b'ea í, iníon den Doċtúir Miċeál Cill Bán agus a bean, St. George. Newfoundland. Titim de ṫaisme a rinne sí. Ba in Sraiṫín a tógaḋ Iḃon agus in aois a deiċ mbliana d'fág sí le na h-aṫair agus le na máṫair le dul go Talaṁ an Éisc áit a ḃfuair a h-aṫair ceapaċán. Ag pilleaḋ ó Aifreann diḋe Dia Máirt ṡleaṁnaiġ sí ar ṡiocán ar na céimeanna agus gortaíoḋ san ċloigean í. Ḃí pian ina cionn nuair a ṫáiniġ sí na ḃaile agus rinneaḋ scrúdú uirṫí agus tugaḋ go dtí an Mayo Clinic i mBoston í. Ní raḃ an t-eiteallán ábálta ṫeaċt anuas ag Boston ⁊ b'éigean oibreaḋ práinneaċ a déanaṁ ag an United States Base Hospital. Níor éiriġ leis an oibréad. Tugaḋ an corp na ḃaile Dia Saṫairn agus ċuaiġ an soċraid go Sraiṫín tráṫnóna Dia Saṫairn, ceann de na soċraidí ba ṁó in Acaill. Ċuaiġ an tsoċráid ó Séipéal Gob an Ċoille go dtí an roiliġ indiaiḋ Aifreann solúnta na Marḃ Dia Luain.

Tá an cuartú ag dul 'un tosaí go fóill fá ċoinne corp Ṁáirtín Ṁac a' Ṁáistir a báṫaḋ tá coicís ó ṡoin. Ṡiúl na cuarteoirí suas le trioċa míle den ċladaċ Dia Domnaiġ aċ níor éirí leo go fóill. Fuaraṫas radarc ar an corp fríd ġloinní Dia Máirt aċ ḃí sé go mall san oíċe agus an ḟarraige coṁ tógṫa agus naċ dtiocfaí a ḃaṫ a déanaṁ.

Tá Pádraic Ó Gallċoḃair, Cigire Sláinte, Caṫair Saiḃín, Ciarraí. ag caiṫeaṁ saoire gairid le na ṫuismiṫeoirí, Seán Ó Gallċoḃair, agus Bean Uí Ġallċoḃair, Ceannaiṫeoirí, An Corrán. Ḃí an tUasal Ó Gallċoḃair ag imirt le foireann sóisear Ċondae Ṁuiġeo i 194 agus 1950.

Seo iad na sceraiṫe a rinneaḋ fá ċoinne Corn Scannláin, ag an ċruinniú deireannaċ de Ċumann Lúṫ Ċleas Gael, Acla. Grúp A—

Anagaire

Ḃí an stoirm go millteanaċ ar fad ċart timpeall ar Rann na Feirste, agus paráiste Anagaire Dé Céadaoine ḃí an gála gaoiṫe móire ba ṁeasa le fada an lá. Ṫáiniġ an ġaoṫ iontaċ lom ar an ṗionúr liaṫróid láiṁe ag an ġairm-scoil ag Loċ an Iubair, ⁊ tá an ṗionúr gar a ḃeiṫ millte ar fad. Siabaḋ anuas díon tiṫe agus sciobóil. Ḃí an ġaoṫ as cuimse olc i Rann na Feirste ⁊ Mullaċ Duḃ. Ċuaiġ an lánṁara isteaċ in cuid de na tiṫe i mBaile Anagaire féin. Is mór an trua an pionúr liaṫróid láiṁe Loċ an Iubair a ḃeiṫ millte nó táṫar ag cur ana ṡuim insan liaṫróid láiṁe ar na mallaiḃ, agus go leor buaċaillí óga dá ċleaċtaḋ.

...Indiaiḋ cúpla mí a ċaiṫeaṁ i nGlascú, tá Máire Bn. Ṁic Ḟionnlaoiċ. Anagaire. agus a fear céile, Séamas, agus a mac, Brian, arais sa ḃaile.

Tá níos mó agus níos mí ag imeaċt ón paráiste seo agus is beag duine óg atá le feiceáil ann anois. An tseaċtain seo caite d'fág Nóirín Ní Ḃaoill, Loċ an Iubair agus Frances Ní Galċoḃair. Boṫar an Ġleanna, Anagoire. Tá na fir óga uiliġ ar ṡiúl go hAlbain nó go Sasana.

Fanaid

De ṫarr aċaine an Uasail Ó Bléiniġ, T.D., Aire Rialtas Áitiúil. tá deontas Gaeltaċta ar fáil fá ċoinne an ḃoṫair ċuig an Fánan nua ag Baile Ṫuairisce, ⁊ do ḋeisiú an ḃóṫair i mbaile fearainn Tuama ó ṫeaċ Ṁiċíl S. Ó Beaglaoiċ. Tá cúpla deontas Gaeltaċta eile le tabairt fá ċoinne boiṫre i ḃFanaid Ṫuaiḋ agus Fanaid Ṫiar gan ṁoill.

De ḃarr na stoirmeaċa le cúpla mí anuas tá an méid is mó ariaṁ de sláta mara cruinniṫe agus triomaiṫe ar fud ċósta Ḟanaide.

Ċaiṫ an tAṫair Mac Diarmada mac leis an tSáirsint Mac Diarmada, saoire ar na mallaiḃ lena ḋaoine muinteara i mBaile Ċiaragáin agus i gCruaċán.

Broċaċ

Rug bó le Seosaṁ Mac Aoiḋ, Baile Ċiaragáin. An Cloċán, cúpla an tseaċtain seo caite. Ḃí

Daingean

Ḃí beagnaċ leiṫċéad de uainéirí tabairne ó'n Daingean. ar cuairt ag Guinness's an tseaċtain seo caite. Ṫug dá ḃus iad ón Daingean go dtí traen 8 a'clog ó Ṫráiġlí, agus ḃí bricfeasta ar leiṫ ullaṁ dóiḃ san ċoiste speisialta a ḃí in áiriṫe dóiḃ. Ḃí aistir an taiṫneaṁaċ acu ar feaḋ ceiṫre h-uair a ċlog go Kingsbridge. Ansin, ṫug coistí speisialta iad ċuig Guinness's, áit a raiḃ lón an ḃreá ullaṁ dóiḃ. Ag fáiltiú rompa, dúirt E. B. Cocs, naċ raiḃ aon dream a ṫáiniġ go Guinness a raiḃ oiread fáilte aige rompa. "Is leaṫ-Ḋaingeanaċ mé féin." ar seisean. Ag freagairt, dúirt Miċeál S. Aġas, go raiḃ aiṫne aige ar an Uasal Cocs ó ḃí sé insan Daingean. Ḃí turas acu ansin timpeall ar cuid oibreaċa Guinness. "Ḃí ana lá againn," adúirt Miċeál S. Aġas, agus tugaḋ freastal rí dúinn ar feaḋ an lae." B'é Séamas Ó Conċuḃar, An Sráid Uaċtar. An Daingean, an duine ba sine ar an turas, ḃí cuiṁne aige ar an am naċ raiḃ an pionta aċ 2d. Ḃí cuiṁne aige leis ar an am go raiḃ 9 nó 10 monarcain leasaiṫe éisc ar an mbaile, dá ṁuileann coirce agus muileann adṁaid, agus ḃí obair le fáil ag na céadta daoine ar an mbaile.

Tá ag éirí ṫar bárr ar fad leis an feilm éisc ag Baile Ṡé, ⁊ tugaḋ isteaċ 2,000 breac an tseaċtain seo caite. agus táṫar le last eile a ṫabairt isteaċ gan ṁoill.

Tá Gilbert Michaels, as Antuerp, ar leis an feilm bricṫuaċeaṫa, ag Baile Ṡé, a ṫug isteaċ 200,000 sceiṫ breac. tá seaċtain ó ṡin, ag braṫ 400,000 eile a ṫabairt isteaċ gan ṁoill, agus leanúint leis sin go dtí go mbíonn milliún tugṫa isteaċ aige. Go dtí seo, ba nós leis min-ḃric a ċur isteaċ in ionad an sceiṫ. Deir sé go ḃfuil ag éirí ṫar bárr leis na linnte éisc. Níl aon ċuid de na h-éisc ag fáil báis adeir sé. agus tá muinntir an ċeantar ana ṡásta leis an tslí a ḃfuilimíd ag dul ar aġaiḋ.

Tá áṫas san Daingean go leaṫ-nófar Féile Ċiarraí, ní Féile na Rós, go dtí Corca Duiḃne an bliain seo. Nuair a fograíoḋ é seo ag nuaċt agallaṁ i dTráiġlí Dé Luain, dúirt Miċeál Ó Beaglaoiċ, Co.C., go raiḃ sé cinnte go mbeaḋ muinntir an Ḋaingin ana ṡásta ar fad. Tabarfár isteaċ féile iascaí an Daingean mar ċuid de Ḟéile Ċiarraí.

Ḃí díospóireaċt ana ṡuimiúl ar fad. agus greannṁar leis, oíċe Aoine an 29ú ag Scoil Fiontrá, ar an ábar—Cé'n fáṫ naċ bPósann Feilméaraí go hÓg. Luċt Macra na Feirme a ḃí páirteaċ insan díospóireaċt.

Tá mórán cainte fá feirmeaċa éisc insan ċeantar seo anois, go h-áiṫrid daoine a ḃfuil aiḃneaċa nó sruṫáin ag dul fríd a gcuid talaiṁ. Aċ is amlaiḋ go ḃfuilid ag fanaċt le duine éigin píosa talaiṁ a ċeannaċ uaṫa, níl aon fonn orṫa féin tabairt fé.

Tá beirt feilméaraí eile le Corca Duiḃne do fágáil an mí seo ċugainn le feilmeaċa d'fáil i lár na tíre. Rannfar an talaṁ ar na comarsanaí.